


DÁNFHOCAIL

IRISH EPIGRAMS IN VERSE



LCelt
O 634da

DÁN FHOCAIL

IRISH EPIGRAMS IN VERSE

COLLECTED AND EDITED BY

THOMAS F. O'RAHILLY, M.A.

M.R.I.A. ; PROFESSOR OF IRISH IN
TRINITY COLLEGE
DUBLIN




528779

19.10.51

DUBLIN
THE TALBOT PRESS LIMITED
85 TALBOT STREET

1921



Digitized by the Internet Archive
in 2010 with funding from
University of Toronto

PREFACE

SCATTERED here and there throughout our Modern-Irish MSS., there exists a considerable body of epigrammatic verse, mostly in single quatrains, one or more of which not infrequently serve the purpose of filling up the blank spaces of the MSS. It has often occurred to me that an interesting collection of verse could be made by taking the best of these and publishing them in book-form; and as no one else seemed likely to do the work, I resolved to attempt it myself. The result is seen in the present volume. As to whether I was right in thinking that the collection would prove an interesting one, it is for the reader to decide.

The title, *Dánfhocail*, has been chosen in order concisely to indicate the fact that the collection is confined to verse written in the old syllabic metres (*dán*) or in their looser modern developments.

While I can claim to have spread my net wide, as the large number of MSS. drawn on sufficiently shows, I do not, I need hardly say, claim that the collection is exhaustive,—that it includes *all* the “best.” New quatrains of merit are liable to turn up at any time in the most unlikely or out-of-the-way MSS., and

hence finality in a work of this kind is, for the present at least, out of the question. Since the text was printed I have, in fact, come across several other quatrains which I should have included had I met them earlier.

I have taken some pains to secure a reliable text, though I am not always fully satisfied with the results of my endeavours. I have also tried to make the text easily intelligible to readers acquainted only with the Irish of to-day. For such readers the book will, I hope, prove a convenient stepping-stone between current Irish and the "bardic" verse which constitutes so important a part of our Middle and Early-Modern Irish literature.

In conclusion, I have to thank Dr. Osborn Bergin for his kindness in reading over portion of the text and making some useful suggestions.

THOMAS F. O'RAHILLY.

CONTENTS

	PAGE
DÁNFHOCAIL :—	
Generosity and Niggardliness	I
Wealth and Poverty	5
Silence and Speech	10
Good Sense	12
Learning	13
Women. Love	15
Heredity. Offspring	20
Youth and Old Age	23
Death and Eternity	24
Piety	27
The Clergy	29
Poets	30
Drink	32
Treachery	34
‘ Comhairle na Bárrsgolóige ’ (part of)	36
Tadhg mac Dáire’s Counsel to the Earl of Thomond	38
Other Counsels	39
Miscellaneous	40
Addenda	51
NOTES	59
PRINCIPAL ABBREVIATIONS	100
GLOSSARY	101
INDEX OF AUTHORS	112
ADDITIONAL NOTES	114

DÁNFHOCAIL

AN FHÉILE AGUS AN SPRIÚNLAITHEACTH.

1. Caith an mhaith atá id lámh,
is cuir amáireach ar cáirde ;
muna gcaithe tú an saoghal,
ataoi i mbaoghal a fhágtha.
2. Déana mar do-níodh Guaire,
tréinfhear do b'uaisle croidhe ;
ó's buaine bladhd ná saoghal,
caith le daonnacht a bhfoighe.
3. Caith agus do-gheobhair ó Dhia,
caith go fial agus gheobhair níos mó ;
an té ler leor beagán ó Dhia,
is ler le Dia beagán dó.
4. Riot tar cheann a n-abraim-se,
ná cuir do dhruim le daonnacht ;
go bráth ná tuill easmailte,
ná caith do chuid it aonar.

5. An Té do riar ar bheagán
 cách ar cheartlár an fhásaigh,
 an rath i mbun na caithmhe
 isí m'aithne gur fhágaibh.
6. Mairfidh gach cnuas dá gcaittear,
 ná bí faiteach dá sgaoileadh ;
 biaidh fear coigilte an tsaidhbhris
 lán do dhaidhbhreas ná saoilfeadh.
7. Gibé thaisgeas a fhuigheall
 ní maith thuigeas an saoghal ;
 nach é féin bhias dá chaitheamh
 don té thaisgeas is baoghal.
8. Dá gcongbhae agat do mhaoin,
 badh beag a tarbha dhaoibh féin :
 a coimhéad ortsa do ghnáth,
 a caitheamh ag cách tar h'éis.
 —*Bonaventura Ó Heoghusa.*
9. Daoine saidhbhre sanntacha,
 gan tairbhe san mhaith choitchinn,—
 dóibhsean ní bheidh m'annsacht-sa,
 beag oram lucht an doichill.
10. Cidh maith turas is trosgadh,
 crábhadh gan osnadh bhréige,
 ré ndul duitse don tsaoghal
 is fearr daónnacht is féile.

11. Slad, brad, gargad ar dhuine,
gáir cheall is chlog na cruinne,
saint, feall, fionghal go bhféighe,—
báidhidh féile sin uile. —“*Columcille.*”

12. Nochan fhuil fionghal ná feall,
ná droch-luighe, ná doicheall,
ná gníomh éagcóir do-ní neach
nach bhfalcann uile an t-eineach.

—*ibid.*

13. Níor chaith biadh Ó Conghail Chais
is cliath nó comhla lé a lios ;
níor shuidh ar each bile Rois,
's file dá chois mar aon leis.

—*Aonghus Ó Dálaigh Fionn.*

14. Do b'fhéile thú ná Guaire
an uair do bhí tú dona ;
anois is leór do chruaidhe—
mo thruaighe thú bheith sona !

15. Mo chreach, a Dhiarmuid Uí Fhloinn,
nach tú atá ar dhoras iofroinn,
ó's tú nach leigfeadh neach dod chóir
i n-áit a mbeitheá id dhorsóir.

—*T. Ó Cearbhalláin.*

16. Riamh ó do tochladh thú, a mhúir,
níor hosgladh thú ré neach ;
fear an tighe, gibé hé,
cár leigeadh é féin isteach ?

—*Aonghus na nAor.*

17. A dhórais nach bhfaghthar suas,
do dhíol-sa ní truagh le neach ;
go créachtach ní bheith do chlár
dá leigfeá-sa cách isteach !
18. A fhir atá i n-ifreann riamh,
an bhfaca tú pian ba mhó
ná fear d'iarraidh neich ar neach
leis nach maith a thabhairt dó ?
19. Is fír-leamh bhur dturas-sa,
a uaisle bochta an oinigh ;
oineach gan bheith cumasach
mo thruaighe ! is cruaidh an cluiche.
20. Do-níthear ainfhial don fhial
nach dtig leis cách do choimhriar ;
ní hé an fial is ainfhial ann,
acht riar ainriar nach éadann.
21. Bíodh nach dáilfeadh Rí Nimhe
ionmhas d'fhear an deighchridhe,
ní fáth béime dá mbeath lom,—
neach gan fhéile ní fhoghnann.
22. Ná sgaip tar cheart i bhfleadh ná i dtigheas
d'fhonn do cháile chur i bhfad ;
i ndiaidh na tairbhe bhíos an grádh,
is ar an té bhíos cruinn is gnáth an rath.
23. Caitheamh gan bheith measardha,
's biothchonnlacht, cóir a ndaoradh ;
lean-sa an meadhón eatortha,
madh áil gan druim le daonnacht.

AN BHOCHTAINÉACHT AGUS AN
SAIBHREAS.

24. Is milis glór gacha fir
agá mbia cuid agus spré ;
ní mar sin don duine lom,
is bun-os-cionn labhras sé.
25. Duine saidhbhir ag déanamh grinn
deirid uile gur binn a ghlór ;
acht is seirbhe ná an searbhán goirt
an duine bocht ag déanamh ceóil.
26. An té braittear i mbochtacht,
'na fhocal ní bhí acht searbhás ;
briathra an té 'gá mbíd séada
binne ná téada beann-chrot.
27. Bráthair don bhás an daidhbhreas,
ní dhligheann foighdhe faoilte ;
deasgadh foilmhe fuath carad,
ní carthar neach gan maoiné.

Ad-chluinim riamh dá rádha
nách gránna neach más saidhbhir ;
bídh ag seasamh 's ag suidhe
gráin mhairbh ar dhuine dhaidhbhir.
—*Maoilín Óg Mac Bruaideadha.*

28. Beithear r6t go ro-ghr6dhach,
 an feadh mhairfeas do shaidhbhreas ;
 teithfidh uait an trom-ghr6dh-so
 f6 n6alaibh, d6 dt6 an daidhbhreas.
29. Gur measadh m6 as mo neamhst6r,
 do b'fhi6 dearg-6r mo labhairt ;
 iniu n6 bhfaghaim 6isteacht,
 do thr6igsead m6 mo charaid.
 —*Maoil6n 6g Mac Bruaideadha.*
30. Do n6s an tsaoghail mh6ir,
 an tan bhraithid do st6r go gann,
 d6 dtagrair ceart n6 c6ir,
 n6 bh6inn acht gl6r amaide ann.
31. N6 misde an t6 bh6os saidhbhir
 bheith aimhnirt tr6ith i dteagmh6il,
 bheith balbh tuitmeach i dteangaidh,
 bheith ar leathchois n6 ar leathl6imh.
- N6 fearrde an duine daidhbhir
 bheith raighlic foirfe i bhfoghlaime,
 bheith fosaidh dearbhtha i ndeighch6ill,
 bheith neimhthr6ith ag cur comhlainn.
 —*Maoil6n 6g Mac Bruaideadha.*
32. D6 madh l6onta dh'6r mo thr6nc,
 is me bheith gan 6nsa don ch6ill,
 do bheadh meas orm is cl6,
 's do leanfadh dl6th mo charaid m6.

33. Gibé bhias gan ní aige,
 bíodh go madh maith a bhéasa,
 gé bheadh go tuigseach tréitheach,
 annamh éisttear a sgéala.
34. Má bhraithid cách tú ag dul ar gcúl,
 is go mbeidh do chúil go fann,
 ní fhaicfid thú mar a mbeir,
 is mar a mbeir, ní tú bhias ann.
35. Mairg 'gá lagaid a lámha !
 ní hiongna a rádha uaimse :
 an uair lagaid na lámha,
 lagaid na grádha an uair-sin
- Na daoine saidhbhre carthar
 nó go lagaid a lámha ;
 grádh do neach gan mhaith aige
 ní thabhair cara ná námha.
36. Is mó cion fear deaghchulaidh
 ioná a chion ó bheith tréitheach ;
 truagh ar chaitheas le healadhain
 gan é umam 'na éadach !
 —*Dáibhí Ó Bruadair.*
37. Duine saidhbhir fear dhá bhó,
 is borrach mór fear a trí ;
 ní fhaghann fear a sé nó a seacht
 cóir nó ceart ó fhear a naoi !
38. Go réidh ! a bhean na dtrí mbó,
 as do bhólacht ná bí teann ;
 do chonnairc mise gan gó
 bean is ba dhá mhó a beann.

39. Is maith duine agá mbí muc,—
do bhíodar muca agam féin :
is fearr an mhuc atá beó,
níl acht ceó san mhuic iné.
40. Focal eile is é seanda
(miste mo mheanma a thuigsin),—
ón dá mhaith do bhí béaraidh
an éanmhaith atá uirim.
41. Ní chreidim féin ó ughdar léighinn
nach í an spré an uaisle ;
óir mac Rí Gréag, dá mbeadh gan é,
do bheadh 'na léice suaidhte.
42. Minic bhíos damhna flatha
saidhbhir ratha óg álainn,
's a mhac i bhfeidhm na súiste :
trí glúine ó rí go rámhainn.
—*Maoilín Óg Mac Bruaideadha.*
43. Beag tharbhas an bbeach dá mil,—
a bhfríth libh ar feadh do ré
saothar a chruinnighthe ort,
a tharbha so ní leat féin.
—*Bonaventura Ó Heoghusa.*
44. Nochan fhidir mac duine
cia dá ndéanann a chruinne ;
an cruinne dhó féin do-ní,
nó cruinne do neach eile.
—“ *Columcille.*”

45. Mairg neach cheiseas ar a chuid,
maith an rannadóir Mac Dé ;
is duilleach an choill úd thall,
ro ba lom a barr iné.

—*ibid.*

46. Ó's buidheach Dia don dealbhas
acht go ndearntar a fhulang,
má 'sí a thoil mise i ndaidhbhreas,
nár leige an saidhbhreas chugam.

47. Duine do-gheibh lán a lámh
eagal dó dul ar seachrán ;
isí an lámh fhalamh is fhearr
ler bh' ál anadh ó ifreann.

48. Fearr bochtaine ghearr a bhus
agus bheith i ngrásaibh Dé,
ná saidhbhreas searbh an tsaoghail
agus dul ar an dtaoibh glé.

49. Crodh na cruinne 's a maoiné,
cidh éigneach daoine iompa,
fa dheoidh is amhlaidh aithnim
ná fuil acht aisling ionta.

CAINT AGUS TOST.

50. A fhir shealbhas duit an dán,
coimseach re cách do bhéalrádh ;
a dhuine mhaith, más maith sibh,
do mhaith ní maith gan maoidhimh.

Níor thógais, má tharla rut,
seanrann do rinneadh romhat :
neach féin go mór dá mholadh
céim is lór dá lochtughadh.
—*Gofraidh Mac an Bhaird.*

51. Na srotha nach mbíonn ro-dhomhain
isiad labhras go dána ;
sinn féin riamh níor mholamair,
's is ciuin na linnte lána.

52. Is íseal gotha na mórshruth mór,
is árd gotha na mbeagshruth mbeag ;
an mart is mó géim is greadhan
is aici bhíos an bleaghan beag.

53. Mar bhíos linn fá lán foghair
nach bí fúithi fodhamhain,
neach san ló is líonmhaire caint
ní dó is síorghaire substaint.
—*Baothghalach Ruadh Mac Aodhagáin.*

54. Iomarca cainte ag neach
do-bheir neamhchion ar a chéill ;
do-ní duine le seadán glóir
spadán don chóir féin.
55. Is glic, do réir an tseancha,
an té thochtas a bhriathra ;
d'eagla na ndánfhocal
is binn beál ó bheith iadhta.
56. Beag mo spéis i mbriathraibh móra,
ní maith caint ná curthar lé ;
an bladhman ná téid i dtarbha
do-ní an tréan 's an t-anbhfann é.
57. I dtigh duine eile ag ól
bhainfeadh sé sail mhór do bhéim ;
's ní bhainfeadh sé an t-earball do chat
ar shail ina thigh féin.

CIALL.

58. Ciall agus míchiall
dís ná gabhann a chéile ;
is dóigh le fear gan éin-chéill
gurab é féin fear na céille.
59. Ní truimide an loch an lacha,
ní truimide each a srian,
ní truimide caora a holann,
's ní truimide colann ciall.
60. Is gilide cloidheamh cailc,
is miride cruaidh fabhairt ;
urraim, agus tú i n-airc,
ní trumaide thú a tabhairt.
61. Tabhair dot eólas aire,
iarr an t-eólas roimhe ;
ní do ghnáth is tréan tuile,
féach, a dhuine, an t-áth oile.
62. Is mór milltear le luas beirte,
is fada is beite ar tí a déanta ;
féach go mall do chluiche timcheall,
sul dtí h'intinn ar éin-bheirt.
63. Feith re fagháil an dá sgéal,
madh áil leat do bhreith bheith buan ;
gibé breitheamh nach bí claon
do-ní an dá thaobh d'fheitheamh uadh.

AN FHOGHLAIM.

64. Aoibhinn do lucht an eólais,
mar is dóibh is aithnid Dia ;
an cnoc is aoirde isé is fuaire,
gé gurb uaidh is giorra an ghrian.
- 64 b. An cnoc is aoirde isé is fuaire,
ciodh uaidh is giorra an ghrian ;
an té is caoile do-chí an chóir,
is dó is daoire an Rí gan riar.
65. Dligheann daoí tiugh teagosga,
tearc teagosg don tsaoi threórach,
tuigeann mac léighinn leathfhocal,
ní beag nod don eólach.
66. Madh fiafruightheach, budh feasach ;
glic an éigse ilcheasach,
solus na ceasa ad-chluinidh,
dorus feasa fiafruighidh.
—*Gofraidh Fionn Ó Dálaigh.*
67. Ní ghabhann aineólach dall
eólas ó neach dá marann ;
eólas d'fhagháil ní háil lais,
ná a rádh go mbeadh 'na iongnais.

68. Amharc daill idir cheapaibh,
fosdadh fiadh ar ghairbh-leacain,
nó guth madra i ngleann ghlas,
tagra le ceann gan eólas.
69. Is mairg nach déan a leas,
dá madh fios dó cá mbeadh a aimhleas;
tafann lag gadhair le heas,
tagra le ceann gan eólas.
70. Adúdh teine fá shrúill,
nó rún do leigean le mnaoi,
comhairle thabhairt do dhuine dhúr
ná beadh a dhúil san ní.

NA MNÁ. AN GRÁDH.

71. Ní háil liom sean-bhean mar mhnaoi,
máthair chúig searrach nó sé ;
ní háil liom í gan áirnéis,
's ní háil liom í is áirnéis lé.

Is áil liom bean cháirdeamhail óg,
is áil liom a beith ró-dheas suairc,
is áil liom a beith geanmnuidhe módhail,
is áil liom iomad óir lé mar dhuais.

—*Tomás Ó Glíósáin.*

72. Bean ghránna is gan í suairc,
a pósadh ba chruaidh an céim ;
créad an fáth 'na bpósfadh fear
acht an bhean do b'áil leis féin ?

73. Comhairle charad do-bheirim duit,
agus faid a mhairfír, din dom réir :
ná pós bean dá áilleacht gnúis
go mbraithfe tú ar dtúis a méin.

74. Ná togh bean ar a sgéimh,
go bhfionnair cad é a locht ;
tar éis iad do bheith dearg,
is searbh blas na gcaor gcon.

75. Caora cárthainn, cé dearg,
adeirthear gur searbh a mblas ;
nó go bhfionna tú go maith cé hí,
ná bí le mnaoi ar a dath.
- Acht abair go mbiaidh—is ná bíodh—
searc do chroidhe dhí tar chách ;
cuinnibh ar do lámh an tslat 's an dimheas,
go bhfionna tú slighe na mná.
76. Ná pós bean mar gheall ar eallach,
má nír, is aithreach duit ;
tiocfaidh an t-earrach is feanntar an t-eallach,
is beidh an bhean 'na fámach dubh.
77. Dar Duinnín is dar Donn
is bun-os-cionn liom atá mo bhean ;
dá n-abrainn gur dubh é an fiach,
do bhéarfadh sí Dia nách eadh acht geal !
78. Ná creid do chomhrádh mná,
's ná glac a lámh i gcoingheall rúin ;
gaibh comhairle an duine ghlic,
agus féach an misde thú.
79. Gach péacóg do chailín deas
déarfaidh leat “ Is tú mo pháirt ! ”
mar thigid chugat leig uait,
's ná bíodh gruaim ort fá na mnáibh.
80. Is cluiche meallta na mná,
is mairg théid 'na ndáil i bhfad ;
mo mhallacht d'éinfhear im dhiaidh
chreidfeadh a mbriathra go bras.

81. As na mná cidh mór bhur ndóigh,
fada dhóibh ag dul re gaoith ;
is tearc neach ná meallaid siúd,
mairg léigeas a rún le mnaoi.
82. Go n-athruighe an fiach a dhubh,
's go dtéid an eala i gcruth nach bán,
go ngoire an chuach gach mí,
ní chreidfead choidhche na mná.
83. Túisge thréigfidh éisg an sruth,
's do thréigfidh an mhuir a dul 's a teacht,
ná thréigfidh an bhean a huail
is gach cleasradh buan mar chleacht.
84. Dá madh dubh an fhairge,
dá madh cailc na cruadh-chairrge,
dá madh pinn eiteach na n-éan,
dá madh meamram an t-aiéar,

'S tugtar peann i láimh gach fir
do shíol Éabha agus Ádhaimh,—
d'fhágfadaois uile dá n-éis
dá dtrian uilc ban gan fhaisnéis.
85. Tá sgéal agam ar na mná,
is giorraide an lá bheith dá luadh :
grádh gach fir dá dtig i gcéin,
's dá bhfear féin do-bheirid fuath.
86. Ná taobhuigh t'anam re mnaoi,
cidh taidhbhseach a caoi 's a deór ;
fa thuirse ní bhia acht seal,
geóbhaidh chúichi an fear bhias beó.

87. Is maireg atá mar atáim,
 's is maireg do-bheir grádh leamh ;
 is maireg do bhíos gan mhnaoi,
 's is dá mhaireg agá mbí bean.
88. Bean le mbíonn a dhá croidhe 'na cliabh
 nár leige Dia mé bheith 'na dáil ;
 bíonn croidhe acu ag comhrádh liom go ciúin,
 agus an croidhe eile i gcogadh liom 's
 ag cnáid.
89. Teine dá hadódh faoi loch,
 nó fál buinne dá chor le cuan,
 combairle 'thabhairt do mhnaoi bhuirb,—
 nó buille uird ar iarann fhuar.
90. Dar an spéir, ón dar an spéir
 isé adhbhar mo gháire féin,
 an bhean ag bualadh a fir
 tríd an gcoir do rinne féin !

91. *Socrú na caillighe mar is áil lé féin :*

Iarraim mo bheith óg arís,
 iarraim ar Chríost mo bheith deas,
 iarraim na hiomairí do-chíd
 óigfhir im aghaidh, do dhul as.

Im chosaibh go dtige lúth,
 m'fhiacra go rabhaid go dlúth ró-gheal,
 go ndírighe mo dhrom arís,
 agus trí trír d'óigfhearaibh ag tnúth lem
 ghean. —Tomás Ó Glíósáin.

92. Ó nach bhfuil, a Shíobhán Sál,
t' fhaicsin i bhfus i ndán dún,
ar Shliabh Shíóin, fear mar chách,
beanfad asat lán mo shúl !
93. Coll, Ailm agus Iodha,
Luis, Iodha agus Nuin,
Onn is Gort deas sgiamhach—
í mo chlí-se do ghuin.
94. Is truagh, a Dhé, mo ghalar,—
gan mé agam ná ise ;
ní fhuilim féin agamsa,
's ní hagam atá sise.
95. Tuigseach sean-ráidhte na sean,
go blasta beacht a' teacht i réim ;—
tig an cumann druim tar ais,
buailtear duine dá shlait féin.
96. Cumann cealgach ag mnaoi,
is cumann dearbhtha 'na dhíol uaim ;
mise i ngéibheann dá grádh,
's ise ag caitheamh gach léim ar luas !
97. Cuma liom, ní abraim é ;
gibé bheir go léir a ghean,
is gan grádh d'fhagháil dá chionn,
a thuras, dar liom, is leamh.
98. Comhfhaid do théid teas is fuacht,
comhfhaid do théid fuacht is grádh ;
téid an t-éad go smior,
is fanann annsin go brách.

AN FHOLAÍOCHT. CLANN.

99. Síoda, ór agus airgead,
ceól is laidean na tíre
do thabhairt do choileán don chuaine,
ní dhéana sé uasal choidhche é.
100. An saoghal is an sparán,
an diallaid 's an gearrán,—
ní dhéanfadh uile Ó Briain
de Dhiarmuid Ó Mhearán.
101. Ubhall ní thig ar chárthann,
áirne toradh an droighnigh,
is créad thiocfadh ó bhodachán
acht somachán mar shíolradh ?
102. Dá mhéid céim réim is rachmas
do-gheibh an bathlach, mac an^rdaoi,
briseann a dhúthchas tríd a chrúba
d'éis a chúrsa 'chur i gcrích.
103. Ná tóg mac mogha go hárđ,
ná méaduigh a gcrodh ná a gconách ;
nuair theannaid ina maoine,
ní hiontaobh na handaoine.

104. Tarraing nádúra ní dual
 as an nual do bhíos go dubh ;
 gé go ndearnais geal é iné,
 atá 'na ghual féin iniu.
105. Tuigthear ar thoradh na gcrann
 uaisle na bhfréamh ó bhfásann ;
 gach géag mar an ngéig ó dtig,
 téid leis an dtréad ó dtáinig.
106. Ní hí a fhuil uaisligheas neach
 'na haonar, ná a fholt sgathach ;
 muna bhfuil uaisle oile ann,
 uaisle fhola ní fhognann.
107. Ní comhfhad fhásas gach slat,
 's ní hionann bhíos gach aon-mhac ;
 ní hionann ádh clú don chloinn,
 's ní lán gach cnú don chrobhaing.
108. Ní comhfhad bhíos barr na méar,
 ní bhíonn uile cách coimhthréan ;
 clár nochá bhíonn gan bhránán,
 ní bhíonn ál gan uachtarán.
 —*Muireadhach Albanach Ó Dálaigh.*
109. Annamh gort gan déasach fiadh,
 is tuigeadh cách ciall mo rainn ;
 is tearc fear ar a mbí rath
 ná bíonn meath ar chuid dá chlainn.

110. Ní bhí a chlann ó neach i niort
'g an tí bhus gann breath ar bhocht ;
a ndéanaid na haithre d'ulc
don lucht as a haithle is olc.
111. Goradh an mhic i dtigh an athar
goradh fairsing fial ;
goradh an athar i dtigh an mhic
is a dhá ghlúin 'na chliabh.
112. Féach leat, ón féach leat
dála na cloinne nách ceart :
gach ní bhus leat is leó,
is gach ní is leó ní leat.

AN ÓIGE AGUS AN CHRÍONNACHT.

113. An fhoghlaim do-gheibh duine
i n-aois a leinbh leanbuidhe,
ní baintear as acht tre dhoghraing,
madh olc maith an chéad-fhoghlaim.
114. Ná meas m'eagna ar m'óige,
's go meallfainn fear féasóige ;
mo chridhe gan baois im bruinn,
is sine ná m'aois m'fhoghlaim.
115. 'Sé mo ghean, ón 'sé mo ghean
duine óg 's a mheanma sean ;
duine sean 's a mheanma óg,
is air siúd is mó mo ghean.
116. Óg gach neach san aois óige,
óg arís gach seanóire ;
óg deireadh aoise gach duine,
deireadh gach seanaoise óige.
117. Ró-bheag orm an chríne chrom,
's an tráthnóna ag druidim liom,
iall mo bhróige im dhá láimh,
ciall is óige dom fhágáil.

AN BÁS AGUS AN TSÍORRAÍOCHT.

118. Is bréag adubhairt an chliar
nár bh'ionmhain le Dia an ghoid,
's gurb aige féin atá an Bás,
an gadaidhe is feárr ar bith.
119. Gibé agaibh is sia saoghal
isé an t-éan agus é i sás ;
ná maoidheadh sé a aga uainne,
ní fada ón té is buaine an bás.
120. Ní tualaing neach mo mharbhadh,
gé do gheóbhadh mé im aonar ;
ní mó is tualaing m' anacal
ón ló thioctas mo shaoghal.
—“*Columcille.*”
121. Ca ní is ro-bhuaine ná cré ?
ca ní is diombuaine ná í ?
gach ní dá mbeantar don chré,
mar caittear, is cré do-ní.
122. Isé is bás dáríribh ann,
tréigean Dé, dul i n-iofrann ;
beag cás toighe acht an teach-sain ;
bás oile ní huireasbaidh.

123. Mairg duine mhaireas i bhfad,
 muna maith chaitheas a ré ;
 mar chloidheamh ag cruinniú meirge
 fá chomhair díbhfeirge Dé.
124. An t-aoibhneas so—gá dtám dhó ?—
 gearr mhaireas, ní mór a bhríogh ;
 an phian tuilltear ar a shon
 mairfidh so tré bhiotha síor.
 —*Bonaventura Ó Heoghusa.*
125. Atá teine i dtigh na bpeacach,
 pian gach crithir dá gcuir dí ;
 mairg atá fá theas na teineadh,
 's nách feas cá lá is deireadh dhí.
126. Corp sleamhain,
 agus taobh fada reamhar ;
 beidh an cholann ag lobhadh,
 is an t-anam ag deamhan.
127. Fiodhbhadh chríon cnámha mo cholna,
 cumhdach fallsa feóil mo bhall,
 úir gan taradh, cré mo chalann,
 talamh mé, 'gus anam ann.
128. Úir mo charad seach úir eile
 ní aithnim, is é san uaigh ;
 ag so im láimh é, 's ní aithnim,
 cnáimh an té do aithninn uaim.
129. Tiomnaim mo bhú do bhochtaibh,
 mo locht don mhac mhallochtain,
 mo chalann don chré ó dtig,
 m'anam don té ó dtáinig.

130. Truagh sin, a leabhair bhig bháin,
 tiocfaidh an lá, is budh fíor,
 déarfaidh neach os cionn do chláir :
 “ Ní mhaireann an lámh do sgríobh.”
131. Och, a lámh, ón och, a lámh,
 ar sgríobhais do mheamram bhán ;
 mairfidh an meamram fá bhuidh,
 ’s beir-se san uaigh id chuail chnámh !
132. Is buaine bladhdhá sgríbhinn,
 buaine sgríbhinn dhá meabhair,
 is buaine bladhdhá saoghal,
 buaine dhá daoine leabhair.

AN CHRÁIBHTHEACHT.

133. Do mholadh Dé ná bí tuirseach,
bíd a ghrása ag triall go mall,
mealltar Rí Nimhe mar leanbhán,
's a dhuine, ná bí id bhalbhán dall.
134. An fhuisseóg bhuidheach go cinnte
canaidh don Choimdhe moladh ;
duine 'na thocht san gcás-so
is cosmhail gur ádhbhar gotha.
135. Don tsaoghal ná tabhair grádh,
ní díomhaoine bláth na gcraobh ;
lean lorg a bhfuil ag triall
ó ifreann go hiath na naomh.
136. Ca fios damh, a Dhé Nimhe,
(anois uair na haithrighe)
an mbiam an uair oile ann ?
an uair bhus goire gabham.
—*Tadhg Óg Ó Huiginn.*
137. Go dtí dhíot gan mh'anadh ann,
peacadh, a Dhé, dá ndearnam ;
gan teacht, a Choimdhe, as an gcol
beart is doilghe ná a dhéanomh.
—*Gofraidh Fionn Ó Dálaigh.*

138. Mar sin gurab é Dia amháin
is aon-chuspóir gráidh don toil,
ní hionghráidh acht ar son Dé
aon-ní oile fán ghréin ghloin.
—*Bonaventura Ó Heoghusa.*

139. A fhir na heagna d'iarraidh,
bheith ria is obair éigciallaidh,
gan grádh is eagla an Athar,
madh ál t'eagna d'ollmhachadh.

Díomhaoin do dhuine ar domhan
bheith ag iarraidh ealodhan,
ná a mheas go bhfuighe sé sin,
gan guidhe nDé do dhéinimh.

140. Treabh an talamh, cuir an síol,
déin-se fuirse mín is fál,
ná féach d'fhearann dá chruadhacht,
thuas atá an Fear do-ní an fás.

141. Ná creid an fhionnóigín liath,
ná comhrádh gan chiall na mná ;
pé luath mall d'éireóchaidh grian,
is mar is toil le Dia bheidh an lá.

142. Ní adhram do ghothaibh éan,
ná sreódh ná séan ar bith ché,
ná mac, ná mana, ná mnaoi ;
isé mo dhraoi Críost Mac Dé.
—“*Columcille.*”

143. A lucht déanta an chrábhaidh fhuair,
is díbh is dual ifreann lán ;
crábhadh is gan ghníomh dá réir,
samhail sin le déis gan ghrán.

AN CHLÉIR.

144. Is daoine córa na bráithre,
bídh siad do ghnáth saoitheamhail ;
acht más don chrábhadh an doicheadh,
atá na sagairt naomhtha.
145. Más ionmhuin leat na bráithre,
bí léo go sásta socair ;
tabhair dhóibh gach ní iarraid,
is ná hiarr éinní ortha.
146. Cionnus sin, a Phápa ?
cad do bheir na bráithre ag marcuidheacht,
's gurab amhlaidh bhí San Proinsias,
dar mo choinsias, ag coisidheacht ?
147. Más bráthair bocht an bráthair méith,
is maith a ghné 's a shursaing teann ;
más le reimhe gheibh sé neamh,
is duine leamh an bráthair seang.
—*Maghnus Ó Domhnaill.*
148. Sagairt óir is cailís chroinn
bhí le linn Phádraig i nÉirinn ;
sagairt chroinn is cailís óir
i ndeireadh an domhain dearóil.
149. Nuair thioctas an míol mór ar an Maing,
nuair thioctas an Fhrainnc ar Shliabh Mis,
nuair chaillfid na sagairt a saint,
tioctaidh a chaint don fhiach dubh.
—*Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin.*

NA FILÍ.

150. Deirim dán, ón deirim dán
an tráth bhíos mo bholg lán ;
an uair nach mbíonn mo bholg lán,
don deamhan dán ná amhrán !
151. A mbeith i mbrataibh loma
ní nár do mhacaibh foghloma ;
buille ar mheath ní nár do neach,
's a dhán do bheith ar biseach.
152. Má thig file fá do dhéin,
i bhfad i gcéin nó i bhfogus duit,
adhbhar gearáin ná tabhair uait,—
is fada théid fuaim a ghuib.
153. Fear dána an giolla so thiar :
adeirthear iasg le breac beag,
goirthear nead do nid gach éoin,
nead an fhinnín fheóir is nead.
—*Tadhg Dall Ó Huiginn.*
154. Fear dána ag déanamh dána
is dána an gníomh do-ní sé ;
an fear nach déan dán díreach
fear dána dá ríribh é !

155. Cáinte ar na fileadha,
 's ní hiad do bhíonn cionntach ;
 ní fachtar as na soighthighe
 acht an lán do bhíos ionnta.
156. Saoithe na n-intleacht n-anbhfann
 dalltar re hanbharr n-éigse ;
 dúnaid éanlaith na hoidhche
 súile re soillse gréine.
 —*Gofraidh Mac an Bhaird.*
157. Ní file, ní seanchaidh saor,
 ní liaigh, ní breitheamh bláthchaomh,
 ní hughdar léir-cheart learg,
 muna cléircheas an chéid-cheard.
158. *ar Iomarbháigh na bhFilí.*
- Lughaidh, Tadhg agus Tórna,
 filí eólcha bhur dtalaimh,
 coin iad go n-iomad bhfeasa
 ag gleic fán easair fhalaimh.
 —*Flaithrí Ó Maoilchonaire.*

AN T-ÓL.

159. Meisge mhór do-ní an lionn,—
ní misde liom gan bheith buan ;
airgead do-bheirim go réidh
ar son mo chéille bhreith uaim.
160. Ní hí an mheisge is measa liom,
acht leisge a feicsin orom ;
ón ndigh mbig is cliste an ceann,
ní thig misge gan míghreann.
161. Nuair théidhim isteach go tigh an óil
do-gheibhim póg ar son bheith leamh ;
's an tan chaithim deireadh mo stóir,
sin bas lem thóin an doras amach.
162. Cuid do dhonas fhir an óil,—
ní bhfaghann urraim ná onóir,
ní bhí dóigh ag daoinibh as,
is gann a chóir 's a chumas.
163. Ní dheachaidh acht ceathrar re ceól
ar bhainis Seóin isteach,
's ní lugha ná sé fir dhéag
táinig do lucht téad amach

164. Mallacht Dé go bráth
ar an ngloine ghránna ghann ;
's go madh measa ná sin an lámh
nár chuir a leathlán ann!
—*Aodh Ó Domhnaill.*

165. Sás dighe do bheith go buan,—
bean-tighe chruaidh 's fear gan tart,
cupán beag is gan é lán,
's a leigeán ar clár i bhfad.

166. A fhir nách gnáthach soilbhir
acht go doilbhir dubhach,
is buan do bheannacht don chopán
ó bhfuil do chorpán subhach.

FEALL.

167. Fan, is beir an méid so leat,
(ionann galar damhsa is duit)—
níl fios nach é an té is annsa leat
is túisge do chaillfeadh ort.
168. An sionnach, cé ar uairibh
chuireann cluain ar a bhfaiceann,
go gcead dó féin 's dá chríonnacht,
minic díoltar a chraiceann.
169. Ná déin cumann le fear Gallda,
má nír, ní fearrde dhuit :
beidh choidhche ar tí do mheallta,
sin cumann an fhir Ghallda riot.
170. Dá mbeadh go bhfuigheadh fear fill
seal dá ré 'na ré aoibhinn,
atáid cách dá chur i gcairt
nach gnáth a dhul gan díoghailt.
171. Do rinne bréag re Dia mór,
mairg do chreidfeadh dhó dá éis ;
bréag re daoinibh, amhlaidh sin,
cosmhail ris go ndéanfadh sé.
—*Bonaventura Ó Heoghusa.*

172. Tug an Coimdhe cor don rotha
do chlaon-*regno* na mbreath ngann ;
íseal anocht atá an bráithrín,
ní bhfuil acht *regnavi* ann.
173. Ní mise teanga-liom-lat,
ní bhím lá uait is agat,
ní roich tnúth grinneall mo ghráidh,
ní chrimeam cúl mo chompáin.
174. Ní mé an teanga-liom-leat,
ní thugaim m'annsacht go héasga ;
mar a mbímse bím ann sin,
ní bhím an taobh thall 's an taobh-so. |

*CUID DO CHOMHAIRLE NA BARRSGOLÓIGE
DÁ MHAC.*

175. Mo chomhairle dhuit, a mhic,
a leógain do shíol Airt,
ná tabhair breith ar an gcéad sgéal
go breith don taobh eile ort.
176. Ná bí cruaidh, is ná bí bog,
's ná tréig do charaid ar do chuid ;
a mhic mo chroidhe, ná hadhain troid,
's ná hob í más éigean duit.
177. Ná bí síleach go tigh an óil ;
ná déin ábhacht ar sheanóir ;
ná habair ná tiubhrthá cóir
do dhuine bhocht lag dhearóil.
178. Ar t'éirghe amach fán sráid,
ná din cnáid fá dhuine bhocht ;
ná mol is ná diomol daoí,
mar ná fachtar saoi gan locht.
179. Ná habair a dtuigfear duit,
beag an díoghbháil do-ní an tocht,
éist re comhrádh ndaoine nglic,
tuig, agus léig mórán thort.

180. Togh céile ar t'aithne féin,
gan dul tar lear ná i n-imigéin ;
togh buidhean an tséin ar a mbeidh rath,
mar is dual dá gcomhairle dul go maith.
181. Seachain gleacaidhe milis sleamhain,
seachain teanga líomhtha mhear ;
ná géill dá gcomhrádh caoin,
ná fós d'éinní dá luaidhfid leat.
182. Seachain an cleasaidhe cam,
ná tathlaigh é fád bhrat ;
caillfidh ort má gheibheann an chaoi,
mar is dual gur claon a bheart.
183. An té nách truagh leis do chás,
ná déin do ghearán leis ;
ná nocht dó do rún,
is ná bíodh tnúth agat ris.

COMHAIRLE THAIDHG MHIC DHAIRE

do Dhonnchadh Ó Bhriain.

184. Mo cheithre rainn duit, a Dhonnchaidh,
is déin mar adéaraid siad,
gan díogha rainn orthaibh uaimse,
crainn go dtorthaibh uaisle iad.

Braith ar h'eagnamh, abair beagán,
bí go réidh fá rachaidh thort ;
ná beir breith re gaol dá ghoire
go breith don taobh oile ort.

Bí go mín i gcríochaibh carad,
i gcrích biodhbhadh ná bí tais,
déin go maith re deóraidh, a Dhonnchaidh,
a léomhain do shíol gconchair gCais.

Ná hob síth, ná seachain cogadh,
ná hairg cill an gcéin bheir beó,
ná bíodh do ghníomh teann ód theangaidh,
ná díon feall, ná geallaidh gleó.

—Tadhg mac Dáire.

COMHAIRLÍ EILE.

185. Luigh agus éirigh ar do lámh dheis,
ná déan feis acht sáith,
déana comhairle led ghaol,
's ná bí 't aon i n-aghaidh cháich.

186. Mairg a bhíos gan chomhairleach ;
anois ó tá tú it aonar,
ar th' uaisle ná déan ro-chuimhne,
go dtaga leat a dhéanamh.

187. Ná bí seilgeach ar sráid,
ná bí crithlámhach is tú ar ruaig;
ná bí 'do bharánta le bréig,
léig í go fáлта uait.

188. Ná cáin duine dár chum Dia,
ná hagair air a mhíchiall ;
ná habair fírinne 'ná mbeadh aithis ;
ná haithris, is ná mion-aithris.

ABHAIR EILE.

189. Dar liom, is maith an comhrádh
adeir an págánach san Laidin :
mar a mbíonn an spórt 's an sólás,
go mbíonn an dólás in' aice.
—*Séamus Ainglis.*
190. Ní i n-aon áird fhanas an ghaoth,
cé go mbíonn fraoch ar an sín ;
ní mhaireann anfadh do ghnáth,
is bídh an mhuir tráth go mín.
191. Fuarsam gach ní do b'olc linn,
do locsam bheith go dubhach ;
ó nach bhfuil olc dár n-easba,
déanam feasta go subhach.
192. Ní maith an mhaith an mhaith gan fonn,
is maith fé dhó an mhaith obann ;
méaduigheann an mhaith, dar mo chúis,
tan déintear í le deagh-ghnúis.
193. Ní bhfuil san nglór bhfaoilidh n-ait,
muna raibh méin mhaith dá chóir,—
ní bhfuil san gcruith shéaghonn shuairc,—
acht cloidheamh luaidhe i dtruaill óir.

194. A Dhé bhí,
mairg do-ní deirbhéile um ní ;
do-gheibh duine ní nach faic,
téid as a ghlaic an ní ad-chí.
—“ *Columcille.*”

195. Síos suas, suas síos,
go madh fada buan é mar shlighe !
brat do bhí fá Dhinnís araoir
go raibh Dinnís anocht faoi.
— *Dáibhí do Barra.*

196. Ceist agam ort, a chléirigh,
ó's tú léigheas an Bíobla :
créad bheir an óinseach sona,
's an duine dona críonna ?

Ní ceist orm é, ar an cléireach,
is léir dam gach ní acu,—
bíonn an sonas i n-ionad na céille,
's na tréithe ag an gcríonnacht.

nó mar seo :

Fuaisgeóla mé an cheist sin
as ucht Rí na hAoine,—
go mbíonn an donas i mbun an chruinnigh',
's an sonas i mbun an sgaoilte.

197. Ó's éigean d'fhear an oinigh
bréag uair éigin d'athoighidh,
truagh, a Mhuire ! a mhéad do locht
bréag an duine gan daonnacht.

198. A bhráthair Eoin, má táir ag triall
go teach na bpian tar mo chrois,
beir leat m'arm agus m'each donn,—
níor chuibhe dhuit dul ann dot chois!
—*Toirdhealbhach Óg Mac Donnchadha.*

199. Tug Dia a rogha do gach neach
dul ar neamh nó i dtigh na bpian :
is urasa aithint ar a ghníomh
cé acu slighe 'na bhfuil a thriall.

200. Do thuit Pól, do thuit Peadar fial
ar sgáth fola Thriaith na Rann :
tuiteam mar sin is dona dhóibh,
má tá an chóir ag clanna Gall.

201. Turas Phádraig ar an gCruaich,
's a throsgadh san uaimh,—féach súd ;
an chliar so dá bhfaghaid neamh,
ba duine leamh Mac Arpluinn úd.

202. Cibé heaglais leanas siad
ní tháinig riamh rómpa féin ;
má 'sí sin an eaglais fhíor
cionnas shaorfaid Críost ar bhréig ?
—*Bonaventura Ó Heoghusa.*

203. Muna bhfuil mo chreideamh go cóir,
ar thaobh an óir ní mé is lia :
is duine dona atá mar táim,
gan an saoghal im láimh ná Dia.

204. Ní théid éan idir éanaibh,
 más fíor do na sean-sgéalaibh ;
 luighidh tocht ar an fhiach
 i measg na n-éan gcoimhthigheach.
205. Ó táim dom chur amach,
 's nach leighear dhamh is-toigh,
 buidheachas le Rígh na bhfeart
 nach féidir mé chur amach amuigh !
206. A bhean mhaith nach bhfuil i locht,
 ní thiubhra mé guth ar do theach,
 acht más tusa chaith an phurgóid,
 is ormsa atá an dol amach !
207. Lán gaid do ghainimh thrágha,
 nó beart gaoithe ar ghualainn,
 greann dá chur i gcoidreamh
 idir bhoidrisg do dhaoine duairce.
208. Baoth comhairle gach mic mhir
 ag nach mairid a shinnsir ;
 amhail is crom craobh fo chnoibh,
 toll taobh ó bheith gan bhráthair.
209. Má 'sí an tuigse, má 'sí an tol
 is ciontach red chor tar chéill,
 bíodh ormsa an tuigse do chosg,
 's bíodh cosg na tola ort féin.
 —*Bonaventura Ó Heoghusa.*

210. Má 'sí an toil is ciontach ribh,
slán libh,—ní bheanaim-se dhí ;
a leigheas ní ghéabh rem ais,
aithne dhamhsa go maith í.
—*ibid.*

211. *ar Chailvin :*

Ughdar gach uile do-ní so
do Dhia ghlórmhar (olc an chiall !) ;
ionann dó-san agus soin
a rádh nach fuil Dia 'na Dhia.
—*ibid.*

212. *ar Dhuns Scotus :*

Cia an dochtúir is mór iúl
le ndíontar clú Máthar Dé ?
aingéal glórmhar, deamhan súd,
nó isé Scotus ó Dhún é !

213. Atáid triúr, ón atáid triúr
adhras go díleas Rí na nDúl,
Brighid, Pádraig, is Colum caomh,
taobh re taobh insan Dún.

214. *Vive diu, felix arbor, semperque vireto,
Frondebis ut nobis talia poma feras.*

Go maire tú do thortha, a chroinn,
bláth do thortha ar gach aon-chrann ;
go raibh coillte Inse Fáil
lán dod thortha gach aon-lá !

215. Alt d'éan-mhuineál an dís,—

an fear claon 's an bhean mhear ;
fuair seisean a shamhail féin de mhnaoi,
is fuair sise díogha na bhfear.

216. An traghna ghlórach 's an chuach,
ní iarrann siad luach ar cheól ;
ó's tusa is seirbhe le cluais,
ná hiarr duais acht oiread leó.

Ní bhfuil san gceól uile acht gaoth,
's is duine baoth shinneas é ;
annsa liom go mór an taos,
ó 'sé choisgeas fraoch mo dhéad.

—*Donnchadh Mac Labhra.*

217. An cheard leis nach bhfaghthar bróg
acht mire is bród, mairg 'gá bhfuil !
tarbhach toradh ceoil na brón,
's is maith an stór thig ón mbuin.

—*ibid.*

218. Atá Dia tiodhlaictheach tabharthach,
atá Dia fairsing i gcumhgach ;
ní hionann bhur nDia Connachtach
is Dia breágh fairsing na nUlltach !

219. Caoch an inghean, caoch an mháthair,
leathchaoch an chú, caoch an cat,
caoch an capall bhíos fon tsrathair,
caoch an t-athair, caoch an mac !

—*Aonghus na nAor.*

220. A ndaoithe [an oidhche] is beag oram féin,
a Mhic Dé do dhealbh gach mionn ;
gion go dtugas fuath don ló,
is saoithe [is oidhche] is mó is ionmhain
liom.

221. Is luaithe deoch ná sgéal,
is duine mé ar a mbíonn tart ;
ní hé an sgéal fada is fearr,
acht an sgéal gearr ar a mbí blas.

222. Beannacht agam, beannacht liom,
mo sheacht mbeannacht orm féin,
ó nách fuil fear curtha m'fháilte,
gurb é mo chéad sláinte féin.

223. I gcosaibh con bhíos a cuid,
innsim duit, a dhuine leisg,
seanfhocal, agus é fíor,
ní gnáth siubhlach síor go seisg.

224. Éist leis, ón éist leis
ag gleic fán dtír nách leis ;
an tír ba leis do leig uaidh,
's an tír nár leig uaidh, níor leis !

225. Do bhríste-se, a Sheóin,
ní hiongnadh dhó bheith fann,—
bíonn san lá ar do thóin,
is san oidhche ar do cheann.

226. Is tearc ní gan brígh beacht
 ná seargann le seandacht ;
 téid gach ní ar gcúl acht cóir,
 's is úr gach saint ag seanóir.
227. Is maol guala gan bhráthair,
 's is mairg bhíonn gan dearbhráthair ;
 i n-am tagartha an ghlóir mhir
 is mall agartha an éinfhir.
228. Námha ceard muna cleachtar,
 seanfhocal dá sír-leantar ;
 an cheard cleachtar isí is fearr,
 dá leantar dí gan dícheall.
229. Neach sin bhíos corrach do ghnáth,
 is ionann gné dhó 's don dris ;
 an té sin nach faghthar acht cearr,
 foidhne is fearr a dhéanamh leis.
230. Do-bhéarainn comhairle amhra—
 míne i n-aghaidh gharbha,
 fírinne i n-aghaidh ghó,
 agus tó i n-aghaidh labhra.
231. Fearr míne ná buirbe mhór,
 is fearr cóir ná dul chum dlighe ;
 is fearr tigh beag is teann lón
 ná tigh mór is beagán bídh.
232. Is fearr preabán ná poll,
 is fearr lom ná léan ;
 is fearr baidhreán is bainne gabhar
 ná dul go tigh ar domhan dá mhéad.

233. Each, cú, leabhar agus bean,
 sin agus mo shaoghal gan bhrón,
 cuid na hoidhche don bhiadh,—
 ní iarrfainn ar Dhia ní badh mhó.
234. Ceathrar dá dtug Fionn fuath,—
 cú thruagh, agus each mall,
 triath tíre gan bheith glic,
 is bean fir ná beireann clann.
235. Ceathrar sagart gan bheith santach,
 ceathrar Francach gan bheith buidhe,
 ceathrar gréasaidhe gan bheith bréagach,
 —sin dáréag ná fuil san tír.
236. Is mairg agá mbí caraid gann,
 is mairg agá mbí clann gan rath,
 is mairg agá mbí bothán bocht,
 's is mairg bhíos gan olc nó maith.
237. Is iomdha bean deas i mBaile-áth-cliath,
 is iomdha sliabh ar bheagán bó,
 is iomdha féasóg dhubh thionntuigheas liath,
 's is iomdha fear fial ar bheagán stóir.
238. Easba fána do-ní loch,
 easba tola do-ní tnúth,
 easba céille do-ní baois,
 's easba gaoithe d'fhosdas long.
239. Tine chruinn don mhuicfhéoil,
 is greadóg don chaoire ;
 tine mhór don mhairtfhéoil,
 is bheith dá fadódh choidhche.

240. Uisge d'fhear an mhuilinn mhoill,
agus grian d'fhear an tsaloinn,
gaoth ag fear loinge gan lóin,
is soineann ag síoladóir.

241. Ní bádóir go lán sgóid,
's ní tuigheadóir go cúinne,
ní hoireamh go caol-fhód,
's ní figheadóir go súsa.

242. Bídh i ngalar neach is slán,
is bídh slán neach is easlán ;
bídh i n-innill neach is trú,
's bídh i n-eisinnill éadrú.

—“ *Columcille.*”

243. Bíonn duine i bpéin is é beó,
bíonn duine beó 's gan é slán,
bíonn duine slán is gan é buan,
bíonn díol fuatha ar a mbíonn grádh.

244. Is tuirseach fear curaigh cois cuain,
's is tuirseach bean ar uaigh a fir,
is tuirseach fear luinge gan stiuir,
's is tuirseach fear ciuin ar bith.

245. Díogha gach teine fearn glas,
díogha gach síne fliuchras,
díogha gach dighe meidhg, más sean,
is díogha gach fine droichbhean.

246. Tosach luinge clár,
tosach átha clocha,
tosach flatha fáilte,
tosach sláinte codladh.
247. Deireadh luinge a bádhadh,
deireadh átha a losgadh,
deireadh flatha a cáineadh,
deireadh sláinte osnadh.
248. Dá dtrian donais an doghracht,
dá dtrian ceannsacht an fháilte,
dá dtrian damanta an fhallsacht,
's dá dtrian tabharthais an tsláinte.
249. Dá dtrian galair san oidhche
dá dtrian baoise ag an óige
dá dtrian sainte ar lucht saidhbhris,
is dá dtrian cainte ag lucht póite.
250. Dá dtrian gaoithe ag crannaibh,
dá dtrian sneachta ar shléibhtibh,
dá dtrian uisge ar mhóintibh,
is dá dtrian córa ag fear céille.
251. A léightheóir na leirg lán,
léigheas gach iomrádh gasta,
aitchim, bí aireach do ghnáth,
is guidh flaitheas na ngrás dom anam.

ADDE N D A.

252. Do-bhéaraidh Airdrí nimhe,
do réir dhlighe na n-ughdar,
neamh agus clú le chéile
d'fhear na féile do chumhdach.
253. Cumhduigh do chló go haireach,
ná bí failleach i ndaonnacht ;
ní beó tar éis a náire
neach dá shláine san tsaoghal.
254. Fear an airgid ghléigil ghloin,
mór an dúil bhíos 'na bhriathraibh ;
's ní faghthar dúil san dán ghlan,
gidh nár dhúinn gan a dhéanamh.
255. Is minic
an mhaith caithtear go dtairig ;
agus an mhaith nach caithtear,
gion go gcaithtear í, tairig.
—“Columcille.”
256. 'Nár sost go fóill is fearr sinn,
's an tórmach so 'nár n-intinn,
a ua na dtriath ba tréine i dtreas,
ar eagla céim dár n-aimhleas.
—Mícheál Cuimín.

257. Ná tabhair taobh leis na mná,
 's ná tabhair do dháil fá n-a neart ;
 ná creid uatha clog ná mionn,
 's ná creid a dteanga-liom-leat.
258. A chailleach an chléibhín cháise,
 isé m'anam-sa t'anam-sa ;
 ach an tráth theirgfeas an cliabh cáise,
 ná cuir do lámh ghránna tharm-sa !
259. Truagh an dáil, ón truagh an dáil
 bhíos ar shluagh an bheatha bháin :
 nach é is domhan do gach aon
 bail a mbeidís a aos gráidh ?
260. Ar ghrádh Dé gnóthuigh ón Róimh
 deispionsáid chóir agus cheart,
 bean mhaith dá bhfaghthá ag daoí,
 í dá fhágbháil, maith an bheart.
- Deaghail fós, a chinn na gcliar,
 gach fear fial is gach bean leamh ;
 pós re chéile an dá shaoi,
 ní beag an dá dhaoi do mheath.
261. Neach is díomhaoine ar dhomhan,
 más fíor d'iúl na healadhan,
 mac brughadh ar mbreith ar rath,
 lér cumhan bheith 'na bhodach.
262. Beidh an talamh-so atá fúm,
 lá, oramsa dá hiompúdh :
 mise ar an talamh-so atá,
 ise oramsa an t-athlá.

263. Is beag orm ifreann fuar fiuch,
 baile bith-bhuan is searbh deoch,
 baile tá gan chill gan chrois,
 ní raghad ann do chois nó d'each.
264. Aoibhinn duit, a choiligh dheirg !
 ní thig meirg ar do ghob,
 acht a' moladh Dé ar mhaide chruaidh,
 an tráth bhímse im shuan ar leabaidh bhoig.
265. An toil, darab seise an corp,
 buain uimpi ní bog an céim ;
 péist is do-cheannsa ná soin
 níor dhealbh Dia, ní bhfoil fán ngréin.
 —*Bonaventura Ó Heoghusa.*
266. Iongnadh nach dearnais dá réir
 mar do-ní cuid mhaith don chléir :
 nár chongbhais breith na breithe,
 go deireadh na faoisidne.
 —*Tadhg mac Dáire.*
267. A ghiolla úd d'imthig go huallach
 is tug leat ualach Mhic Leisge,
 ba chosmhail le méid do ghrása
 go bhfuair tú an Pápa ar meisge !
268. Ní raibh samhradh riamh gan ghrian,
 ní raibh geimhreadh riamh gan sneacht,
 ní raibh Nodlaig Mhór gan fheoil,
 ná bean óg le a deóin gan fhear.

269. Ní glóire go gréin-acht neamh,
ní torainn tréan acht tóirneach,
ní hanfadh go gaoith andeas,
ní hanacra go héitheach.

Ní holc aon-bheart go madh feall,
ní bocht go dul i n-ifreann,
ní haoir go moladh bréige,
ní daoí go mnaoi droich-mhéinne.

Ní náire go haoighe tar lear,
ní gábhadh go dul ó réiteach,
ní healadha go léightear stair,
ní maraidhe go fear stiúrach.

Ní haon-mhartra go beith dall,
ní haithntear neach go hanbhfann,
ní tréan go tuitim tuile,
ní léan go díth tighearna.

Ní rogha go Rígh na cruinne,
ní cobhair go trócuire,
ní beatha bhiothbhuan acht neamh,
ní luacht go haifreann d'éisteacht.

Ní séimh neach go beith oilte,
ní baoghlach go bioth-naimhde,
ní saor go beith gan chionta,
ní daor go breith ainbhreithe.

Ní handúr neach go beith tur,
ní breathnú go madh caidreamh,
ní brúite go dul i n-aois,
is ní múinte go coigrích.

Ní teasaidheacht go náire,
ní heasbaidhe go díth cáirde,
ní dána go beith treórach,
's ní fáidh go beith fíreólach.

270. Mil le mnaoi, leamhnacht le mac,
biadh le fial, cárna le cat,
saor istigh agus faobhar,—
aon le haon is ro-bhaoghal.

271. Gul Gaillsighe ar gcall Gaill,
ag sin an caoi nach gcaoinfinn ;
fann-ghul nach fann lem chridhe
gall-ghul ar gcall Gaillsighe.

272. Níl tom ná tulach
ná cnocán buidhe féarach,
ná bíonn seal go subhach
is seal go dubhach déarach.

273. Adeir an t-ughdar cliste
gur maith misge uair sa mí ;
deirimse, cidh mór mo leisce,
nach misde dhá uair nó trí.

274. Atá go leór daoine ar an saoghal,
is t'fhuil do spréachadh tar a gceann,
luighfid cos ort san gcae,
nuair is léir dóibh do mhaith go gann.

275. Ná cuir spéis i mac ná i mnaoi,
ná déan doilgheas fá ní sa bhith
biaidh sin mar is áil le Dia,
is ní bhia sé ach mar sin.

—“*Columcille.*”

276. Mairg chreideas do ghrádh mná,
 grádh é nách ionchuir i bhfís,
 grádh reatha nách luaithe an ghaoth,
 grádh nách tabhair taobh arís.
277. Ní thig grádh gan ghríosadh gruadh,
 mór a luadh do dhuine thréith ;
 ionann nách-mór agus bás
 duine i ngrádh le bruinne bé.
278. Druid anall, a leabhair bhig,
 d'aon mhuintir mise is sibh féin,
 ionann galar damhsa is daoibh,
 tuig go bhfuilim mar taoi i bpéin.
279. Ní sia mo dheoch ná deoch cháich,—
 cadé an fáth ná beimís cothrom ?
 oiread liomsa ar an bhfear thall,
 is oiread leis an bhfear thall oram.
280. Ní feas dam cúis rem dhéanamh bocht
 gur fhág an drúis mé lomnocht ;
 re himirt is re hól tar chách
 do chaill mé mo chuid 's mo chonách.
281. Rí gan tús gan deireadh Dia,
 ní tús is ní deireadh dhó,
 isé Rí Nimhe is lia 's is lia,
 isé Dia is sine 's is ó.
282. Ní leigeann Seán do Wál
 ar eagla a mhná duine isteach ;
 a Mhuire ! cá fearrde dhó,
 's gur minic théid Mór amach ?

283. A dhuine, dá mb' eól duit thú féin,
nó an slamach criadh dá ndearnadh thú,
go deóidh níor thirim do ghruadh
ó shilt bhuan do dhearca súl.

284. Ar n-athair ó 'sé Ádhamh,
's gur bh'í ar máthair Éabha,
nach bhfuil a dtáinig uatha
comh-ualsal le n-a chéile ?

Ní athair, fós ní máthair,
do-ní go hárd an fine,
acht beatha is beart is béasa
árduigheas céim an duine.

285. Ag admháil t'oidis má tám,
níor leanas do lorg im dhán :
mise ag cumhdach na córa,
tusa ag díon na héagcóra.
—*Lughaidh Ó Cléirigh.*

286. Dathadóir mise re dán,—
do-ním bán do ní bhíos dubh,
do-ním dubh do ní bhíos bán,
do-ním dán gan dath gan chruth.

287. Dán díreach más peacadh é,
feadh mo ré ní dhearnas súd ;
euirim fiadhnaise ar Mhac Dé
nár pheacaigh mé sa réim úd.

288. *Optimus Scotorum*,—

más Laidean chóir a labhram,
ní hÉireannach Cormac Cas,
acht Albanach gan amhras !

289. Peacach mé ag déanamh ort,
oramsa ná nocht an chóir ;
cé do thuilleas t'fhearg is t'fhíoch,
féach oram, a Chríost, is fóir.

290. Sinsireacht ní ghabhann ceart
i dtír do ghabhthar le neart ;
calmacht na bhfear is ceart ann,
's ní sinsireacht fhear n-anbhfann.

—*Roibeard Mac Artúir.*

NOTES

IN the present collection I have given what appear to me to be the best of the *dánfhocail* I have come across in MSS. during the last three or four years. I have excluded a number of them which seemed deficient in point or force, though possibly I should revise my estimate of a few of these did we know the circumstances in which they were composed. I have also excluded a small number of quatrains—hardly a dozen in all—which, in varying degrees, may justly be accused of coarseness.

Some of these *dánfhocail* are the *disjecta membra* of longer poems. I have endeavoured to identify where possible the poems from which they were extracted. Others, probably the greater number, were never more than single quatrains, and were doubtless often composed as *impromptus*. The dates of composition of the various quatrains differ very much, and, except where the author is known, can only be approximately determined. Ascriptions to Cormac mac Airt and to St. Columcille are, of course, not to be taken seriously. The great majority of these quatrains, one may safely say, belong to the period 1400-1700; but a few go back to the Early Middle Irish period, and, on the other hand, one or two may be as late as the 19th century.¹ But whatever be their dates, they all of them have this in common

¹ A certain number of these quatrains are also known in Scottish versions, as indicated in the detailed notes below. As literary intercourse with Scotland practically ceased with the Plantation of Ulster, we are justified in referring the composition of such quatrains to some time not later than the 16th century.

that they are found in circulation in Modern Irish MSS.¹

Isolated and oft-quoted quatrains such as these are particularly liable to become corrupted in the course of their transmission from MS. to MS., or from mouth to mouth,—for it is likely that scribes often wrote down versions that were current orally. I have endeavoured all through to avail myself of the best MSS., and to give a trustworthy and intelligible text. Versions of many of these quatrains have been printed from time to time in various books and periodicals, a few here and a few there, but these versions have too often been inferior or inaccurate. In his 'Seanfhocla Uladh' Mr. H. Morris has printed 60 or 70 quatrains of the present type, much the largest number hitherto published in any one book, but the text he gives is frequently marred by serious defects.

